# Micheál ag caint

**Éist le Micheál ag caint. An bhfuil na ráitis thíos Fíor nó Bréagach?**

1. Is as Baile Átha Cliath Micheál. Fíor ☐ Bréagach ☐

2. Ní itheann sé bricfeasta. Fíor ☐ Bréagach ☐

3. Tosaíonn sé ag obair ar a naoi a chlog. Fíor ☐ Bréagach ☐

4. Ólann sé caifé ar a 10.30 a.m. gach lá. Fíor ☐ Bréagach ☐

5. Oibríonn sé go dtí a cúig. Fíor ☐ Bréagach ☐

6. Uaireanta, téann sé ag snámh. Fíor ☐ Bréagach ☐

7. Téann sé a luí idir 10.30 p.m. agus 11.00 p.m. Fíor ☐ Bréagach ☐

8. Dé hAoine, téann sé go dtí an teach tábhairne. Fíor ☐ Bréagach ☐

9. Maidin Dé Sathairn, déanann sé an tsiopadóireacht. Fíor ☐ Bréagach ☐

10. Itheann sé lón le cairde gach Dé Sathairn. Fíor ☐ Bréagach ☐

# Script - Micheál ag caint

Is mise Micheál. Is as Gaillimh mé ach tá mé i mo chónaí in árasán i gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath le cúpla bliain anois. Tá mé ag obair anseo sa chathair.

Éirím ag leathuair tar éis a seacht gach maidin. Ithim bricfeasta go tapaidh. Téim ag obair ar an traein agus tosaím ag obair ar leathuair tar éis a hocht. Bíonn cupán caifé agam gach lá ag leathuair tar éis a deich. Oibrím go dtí leathuair tar éis a ceathair. Déanaim mo dhinnéar agus féachaim ar an nuacht ar an teilifís. Ansin, de ghnáth, téim amach ag siúl cois farraige ar feadh tamaill. Uaireanta, téim ag snámh san ionad spóirt áitiúil. Bím an-tuirseach agus téim a luí de ghnáth idir leathuair tar éis a deich agus a haon déag. Dé hAoine, de ghnáth, téim go dtí an teach tábhairne le roinnt cairde. Maidin Dé Sathairn, déanaim an tsiopadóireacht in ollmhargadh mór i lár na cathrach. Bíonn lón agam le mo mháthair i mbialann anseo sa chathair gach Dé Sathairn. Bíonn sé go deas bualadh léi agus na scéalta go léir a chloisteáil.

# Líon na Bearnaí

**Éist leis an gcomhad fuaime arís agus líon na bearnaí. Bain úsáid as na focail atá ag bun an leathanaigh chun cabhrú leat.**

Is mise Micheál. Is as Gaillimh mé ach tá mé ___________________ in árasán i gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath le cúpla bliain anois. _______________ ag obair anseo sa chathair. Éirím ag leathuair tar éis a seacht gach maidin. _________________ bricfeasta go tapa. Téim ag obair ar an traein agus tosaím ag obair ar___________________________. Bíonn cupán caifé agam gach lá ag leathuair tar éis a deich. Oibrím go dtí leathuair tar éis a ceathair. Déanaim mo dhinnéar agus __________________ ar an nuacht ar an teilifís. Ansin, de ghnáth, __________________ amach ag siúl cois farraige ar feadh tamaill. Uaireanta, téim ag snámh san ionad spóirt áitiúil. Bím an-tuirseach agus téim a luí de ghnáth idir leathuair tar éis a deich agus ___________________. Dé hAoine, de ghnáth, téim go dtí an teach tábhairne le roinnt cairde. Maidin Dé Sathairn, déanaim an tsiopadóireacht in _____________________ i lár na cathrach. Bíonn lón agam le mo mháthair i mbialann anseo sa chathair gach Dé Sathairn. _______________ go deas bualadh léi agus na scéalta go léir a chloisteáil.

Téim
ollmhargadh mór
Tá mé
Ithim
i mo chónaí
féachaim
a haon déag
leathuair tar éis a hocht
Bíonn sé

# Micheál ag caint
# Saol Fhinn

**Léigh an sliocht seo amach os ard líne ar líne, agus ansin freagair na ceisteanna atá ag bun an leathanaigh ó bhéal.**

Is mise Fionn Mac Cumhaill. Is as Cill Dara mé ach táim i mo chónaí i gContae Aontroma.

Éirím ag leathuair tar éis a seacht gach maidin. Déanann mo bhean chéile Sadhbh bricfeasta dom. Ithim bricfeasta go tapa. Glanann Sadhbh an teach. Téim ag obair. Oibrím le mo mhac Oisín agus mo chairde Diarmuid agus Conán. Siúlaim timpeall na tíre* le mo chairde. Tugaim cabhair agus cosaint** do mhuintir na hÉireann. Buailim le ríthe agus déithe*** go minic.

Uaireanta, imrím ficheall**** le mo mhac Oisín sa tráthnóna. Bím an-tuirseach agus téim a luí thart ar leathuair tar éis a naoi.

Ag an deireadh seachtaine, téim ag fiach***** le mo mhadraí Bran agus Sceolán. Siúlaim go contaetha difriúla cosúil le Sligeach agus Gaillimh. Tagann mo chara Diarmuid liom go minic. Tagaim abhaile thart ar a deich a chlog agus bíonn dinnéar deas agam le Sadhbh.

**Gluais - Glossary**

* timpeall na tíre - around the country

** cosaint - help and protection

*** déithe - kings and gods

***** ficheall - chess

****** fiach - hunting

***Freagair na ceisteanna seo.***

1. Cén t-am a éiríonn Fionn?
2. Itheann Fionn bricfeasta. Fíor nó bréagach?
3. An nglanann Fionn an teach?
4. An imríonn Fionn peil sa tráthnóna?
5. Cén t-am a théann Fionn abhaile?
6. Itheann Fionn dinnéar le Diarmuid. Fíor nó bréagach?